

Pacáistí cúnamh

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phacáistí cúnamh atá á scaipeadh ag Comhairle Contae Dhún na nGall i measc daoine aosta atá ina gcónaí leo féin aimsir COVID-19.



Cad a chuirfeá féin sa phacáiste? Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí liosta de na nithe a chuirfeadh sibh sa phacáiste.

Ceist 2

Gan féachaint ar an mír go fóill, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo?

- in the week ahead
- it ranks the highest in the country
- twice the national average
- nourishment
- exercise
- mental health
- home security
- municipal area
- symbol
- cuddle my grandchildren
- cancelled
- I've started playing Bridge
- looking for help



Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Féachaigí ar an mír den dara huair. Cén chanúint atá ag na cainteoirí ar fad seachas Siún Nic Gearailt? Cén leagan de na focail seo a leanas a d'úsáid na cainteoirí sa mhír?

- ar an gcothú
- gur féidir leo
- a lán daoine
- cronaím
- in ann
- ní fhaca mé

Cén leagan atá agat féin?

Ceist 4 Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo:

1. Cad atá sna pacáistí agus cé air a bhfuil siad dírithe?
2. Cé atá ag cur na pacáistí ar fáil agus cé atá ag seachadadh na bpacáistí?
3. Cad iad na rudaí is mó a chronaíonn daoine aosta le linn na dianghlasála?
4. Cad a mhothaíonn Nancy Mac Gabhann uaithe?
5. An éiríonn le Nancy *Bridge* a imirt anois? Conas?

Ceist 5 ‘...is airde...’ agus ‘...ab ansa...’

Scríobh na habairtí seo thíos san aimsir chaite:

1. Sin an chomhairle is úsáidí a fuair mé riamh i mo shaol.
2. Is í Aoife an t-amhránaí is fearr sa rang.
3. Sílim gurb é an scrúdú is deacra go dtí seo.
4. Is é an Ghaeilge an t-ábhar scoile is fusa, dar liom.
5. Is é Tom an duine is saibhre sa chontae.
6. Is é seo an ceacht is éasca.
7. Is é Dún na nGall an contae is áille sa tír.

Ceist 6 An tuiseal ginideach

Cuir na hainmfhocail thíos, atá idir lúibíní, sa tuiseal ginideach:

- go ceann (seachtain) _____
- i rith (an geimhreadh) _____
- ráta tógála (an víreas) _____
- dhá oiread (an meán náisiúnta) _____
- slándáil (teach) _____
- oícheanta (na cártaí) _____
- ag lorg (cuidiú) _____
- Ceannasaí (an Chomhairle Contae) _____

Féach ar an mír arís le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 7

Pléigh an cás casta seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.
Cad a dhéanfadh sibh féin?

Tá Sibéal ceithre scór bliain d'aois agus tá sí ina cónaí léi féin. Sular bhuaill COVID-19 thug sí aire dá garpháistí, Sorcha agus Seán, gach lá tar éis na scoile. Anois faraor, ní fheiceann sí ar chor ar bith iad agus tá an-uaigneas uirthi. Tá sí in ísle brí. Níor mhaith lena páistí féin go mbeadh teagmháil aici leis na garpháistí ar eagla go dtolfadh sí an víreas.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Cleachtadh cainte atá i gceist anseo.

Ceist 2

in the week ahead
it ranks the highest in the country
twice the national average
nourishment
exercise
mental health
home security
municipal area
symbol
cuddle my grandchildren

*as seo go ceann seachtaine
(tá sé) ar an ráta is airde sa tír
dhá oiread an mheáin náisiúnta
cothú
aclaíocht
meabhairshláinte
slándáil tí
ceantar bardais
samhailchomhartha
croí isteach a dhéanamh le mo
gharchlann
curtha ar ceal
tá mé ar obair ag imirt Bridge
ag lorg cuidithe*

cancelled

I've started playing Bridge

looking for help

Ceist 3

- ar an gcothú – ar an chothú
- gur féidir leo – go dtig leo
- a lán daoine – léar (lear) daoine
- cronaím – mothaím uaim, airím uaim
- in ann – ábalta
- ní fhaca mé – chan fhaca mé

Ceist 4

Féach an script.

Ceist 5

1. **B'in** an chomhairle **ab úsáidí** a fuair mé riamh i mo shaol.
2. **Ba** í Aoife an t-amhránaí **ab fhearr** sa rang.
3. Sílim gurbh é an scrúdú **ba dheacra** go dtí seo.
4. **Ba** é an Ghaeilge an t-ábhar scoile **ab fhusa**, dar liom.
5. **Ba** é Tom an duine **ba shaibhre** sa chontae.
6. **Ba** é **sin** an ceacht **ab éasca**.
7. **Ba** é Dún na nGall an contae **ab áille** sa tír.

Ceist 6

go ceann (seachtain)	<i>go ceann seachtaine</i>
i rith (an geimhreadh)	<i>i rith an gheimhridh</i>
ráta tógála (an víreas)	<i>ráta tógála an víris</i>
dhá oiread (an meán náisiúnta)	<i>dhá oiread an mheáin náisiúnta</i>
slándáil (teach)	<i>slándáil tí</i>
oícheanta (na cártaí)	<i>oícheanta na gcártaí</i>
ag lorg (cuidiú)	<i>ag lorg cuidithe</i>
Ceannasaí (an Chomhairle Contae)	<i>Ceannasaí na Comhairle Contae</i>

Ceist 7

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin an cás a phlé leis an rang iomlán.

Siún Nic Gearailt

Anois, tá na mílte pacáiste COVID-19 á gcur ar fáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall do dhaoine aosta agus do dhaoine atá ag maireachtáil ina n-aonar as seo go ceann seachtaine chun cabhrú leo i rith an gheimhridh. Tá ráta tógála an víris i gcontae Dhún na nGall fós ar an ráta is airde sa tír agus é dhá oiread an mheáin náisiúnta.

Shane Ó Curraighín

Pacáistí geimhridh COVID-19 á réiteach do dhaoine aosta atá ina gcónaí leo féin i nDún na nGall.

Róise Nic Laifeartaigh, Oifigeach Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall

Tá téamaí éagsúla sna pacáistí a bhfuil muid ag díriú isteach orthu. Mar shampla, tá muid ag díriú isteach ar an chothú - agus sin an tuige¹ go bhfuil an brachán agus sú anseo - ar an aclaíocht, agus ar an mheabhairshláinte. Agus tá muid ag díriú isteach ansin ar na seirbhísí atá ar fáil do dhaoine agus iad sa bhaile leo féin. Go dtig leo litreacha a scríobh; tá seirbhís poist ansin. Tá seirbhísí iontacha ar fáil ón leabharlann agus tá teachtaireachtaí ansin ó na Gardaí faoi shlándáil tí.

Shane Ó Curraighín

As seo go ceann seachtaine déanfar 5,000 pacáiste a dháileadh trí choistí agus ghréasáin phobail. Inniu, dáileadh pacáistí i Leitir Ceanainn, an ceantar bardais leis an ráta tógála is airde den choróinvíreas sa tír.

Micheál MacLaifeartaigh, Leitir Ceanainn

Leis an phacáiste seo, cineál, go bhfuil sé, go bhfuil sé ... gur samhailchomhartha cineál dearfach atá ann, *you know*, bliain iontach deacair agus sílim féin sula mbeidh an bhliain seo amuigh go mbeidh léar² daoine in isle brí agus sin an rud, sílim féin a bheidh iontach...mar go bhfuil léar uaignis agus aonarachta ag baint leis.

Shane Ó Curraighín

Clann, cairdeas agus cuideachta na nithe is mó a dúirt daoine linn inniu a bhfuil siad ag aireachtáil uathu.

Nancy Mac Gabhann, Leitir Ceanainn

Cronaím cuid mhór an croí isteach. Ní raibh mé ábalta croí isteach a dhéanamh le mo gharchlann ná le mo chuid páistí féin. Agus, tá iníon agam i mBaile Átha Cliath agus a páistí agus tá iníon agam sa Fhrainc. Agus, chan fhaca mé iad le fada.

Shane Ó Curraighín

Bhí oícheanta na gcártaí lena cairde i measc na gcaitheamh aimsire ab ansa le Nancy. Leis sin curtha ar ceal, tá sí imithe ina bhun ar líne.

Nancy Mac Gabhann, Leitir Ceanainn

Tá mé ar obair anois ag imirt *Bridge* ar líne. Agus, ah, níl an chraic chéanna ann. Tá tú ag imirt agus níl a fhios agat cé leis a bhfuil tú ag imirt.

Shane Ó Curraighín

Tá líne chabhrach COVID-19 ann sa chontae do dhaoine atá ag lorg cuidithe. Istigh sna pacáistí, tá litir ó Chathaoirleach agus Ceannasaí na Comhairle Contae agus teachtaireacht acu go bhfuil tacaíocht ar fáil ach í a lorg.

Shane Ó Curraighín, Nuacht TG4

¹ *an chúis* an leagan caighdeánach

² *lear* an leagan caighdeánach

VIFAX 26 Samhain 2020
Ardleibhéal

(Is féidir teagmháil a dhéanamh le líne chabhrach rúnda COVID-19 ag 1800-928-982.)